Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**15178/22**

**RESPR 42**
**FIN 1258**
**ECOFIN 1226**
**ENV 1199**
**CLIMA 627**
**FISC 233**
**UD 264**
**ENER 627**
**TRANS 737**
**AGRI 671**
**COMPET 946**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le hacmhainní dílse nua |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-21 Iúil 2020[1], déantar foráil i gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020[2] (IIA) maidir leis an obair chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, ar cheart dó méid leordhóthanach a bhailiú chun leibhéal an chaiteachais ionchasaigh fhoriomláin le haghaidh aisíocaíocht na príomhshuime agus ús na gcistí a fhaightear ar iasacht a chumhdach le haghaidh caiteachas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1) den Chinneadh maidir le hacmhainní dílse (NextGenerationEU, cuid na ndeontas). Leagtar amach sa Chomhaontú Idirinstitiúideach freisin treochlár chun na hacmhainní dílse nua sin a thabhairt isteach agus foráiltear leis gur cheart don Chomhairle an chéad phacáiste de na hacmhainní dílse a phlé roimh an 1 Iúil 2022 d'fhonn iad a thabhairt isteach an 1 Eanáir 2023.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic an Coimisiún togra i mí na Nollag 2021 chun an Cinneadh maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[3] a leasú, lena n-áireofaí trí acmhainn dhílis nua bunaithe ar an méid seo a leanas: córas trádála astaíochtaí an Aontais, sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus athchóiriú ar an gcreat idirnáisiúnta maidir le cánachas corparáideach.

Ó tíolacadh na tograí le haghaidh athbhreithniú ar an gCinneadh maidir le hacmhainní dílse (ORD) i mí na Nollag 2021 agus le haghaidh na rialachán cur chun feidhme gaolmhar (MAR 3, IMSOR) an 14 Márta 2022, tá comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle ag obair ar na tograí sin. Is léir, áfach, nach féidir an plé sin a thabhairt chun críche go dtí go nglacfar na tograí earnála le haghaidh ionstraimí ar cheart dóibh an t-ioncam breise a ghiniúint.

Mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', d'fhoilsigh an Coimisiún, an 14 Iúil 2021, tograí reachtacha maidir le Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM)[4] agus an t-athbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA)[5]. Sa chéad seimeastar de 2022, tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an dá rialachán earnála sin. I mí Iúil 2022, chuir Uachtaránacht na Seicia tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir le SCCT agus maidir le CTA AE athbhreithnithe.

---

1 EUCO 10/20 (míreanna A29, 145-150).
2 Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).
3 15260/21.
4 10871/21.
5 10875/21.

Ní thíolacfar an togra reachtach atá mar bhunús leis an tríú hacmhainn dhílis, bunaithe ar an sciar de bhrabúis iarmharacha ó chuideachtaí ilnáisiúnta a d'eascair as comhaontú ECFE/G20 i mí Dheireadh Fómhair 2021, go dtí go gcuirfear bailchríoch ar phlé ECFE maidir leis an ábhar sin (ionchas reatha: lár-2023).

Leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneadh le linn Uachtaránacht na Seicia i réimse na n-acmhainní dílse nua.

## II. STAID NA hIMEARTHA

Tá dhá chuid i gceist leis an obair a rinneadh le linn Uachtaránacht na Seicia: ar thaobh amháin, díríodh ar dhul chun cinn a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an gcaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis na tograí earnála atá ar fáil, maidir le SCCT agus CTA AE. Tá an chéim sin riachtanach chun acmhainní dílse nua a chruthú. Ní fhéadfar tús a chur leis an bplé maidir leis an sciar den ioncam a ghintear leis na hionstraimí nua sin a leithdháileadh ar bhuiséad an Aontais go dtí go nglacfar na rialacháin bhunúsacha earnála.

Díríodh ar an obair eile a rinneadh le linn na hUachtaránachta ar leanúint den phlé teicniúil ar na tograí le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an ORD agus ar na rialacháin cur chun feidhme lena mbaineann (MAR 3 agus IMSOR).

**Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT)**

Tháinig an Chomhairle (ECOFIN) ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) an 15 Márta[6].

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach le Parlaimint na hEorpa i mí Iúil[7], agus rinneadh dul chun cinn suntasach le linn Uachtaránacht na Seicia. Tionóladh roinnt cruinnithe tríthaobhacha polaitiúla agus cruinnithe teicniúla ó mhí Iúil 2022. Tá an Uachtaránacht ag súil go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn i dtreo bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht sin faoi dheireadh 2022, agus go nglacfaidh na comhreachtóirí an Rialachán maidir le SCCT go foirmiúil go luath in 2023.

---

6 7226/22.
7 10982/22.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh téacs críochnaitheach SCCT ag brath ar ghnéithe a phléitear i bhfóraim eile, go háirithe na cruinnithe tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa maidir le CTA AE.

Sa phlé a rinneadh le Parlaimint na hEorpa maidir le SCCT, is léir go mbeidh samhail rialachais SCCT níos láraithe ná i dtéacs an togra reachtaigh, agus leithdháilfear roinnt cúraimí oibríochtúla a bhaineann le SCCT ar an gCoimisiún Eorpach. Is é príomhchuspóir na gcomhreachtóirí SCCT atá éifeachtach, praiticiúil agus tíosach ar acmhainní a cheapadh, rud nach mbeadh ualach riaracháin iomarcach ar ghnólachtaí ná ar údaráis phoiblí mar thoradh air. Nuair a roghnófar samhail rialachais SCCT a bheidh níos láraithe, a luaithe a bheidh sé tugtha chun críche go foirmiúil, beidh caiteachas breise riaracháin ann don Choimisiún (don chóras TF agus don fhoireann). Déanfar cinneadh maidir le conas aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin sa phlé a dhéanfar amach anseo maidir leis an mbuiséad bliantúil.

Mar a leagtar amach sa seasamh ón gComhairle maidir le SCCT, is faoi na Ballstáit atá úinéireacht na bhfáltas ó dhíol na ndeimhnithe. Tá sé sin i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach agus leis an togra ón gCoimisiún, lena bhforáiltear gur cheart sciar den ioncam ó dhíol deimhnithe SCCT a aistriú chuig buiséad an Aontais mar acmhainní dílse i bhfoirm ranníocaíocht náisiúnta. Tá na módúlachtaí cur chun feidhme iarbhír maidir le húsáid fháltais na hionstraime sin fós le plé amach anseo faoi chuimsiú na Meithle um Acmhainní Dílse, a luaithe a bheidh dul chun cinn leordhóthanach déanta sa chaibidlíocht maidir leis an Rialachán maidir le SCCT.

**Córas AE i ndáil le trádáil astaíochta (CTA AE)**

Tháinig an Chomhairle (ENVI) ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh Rialachán i ndáil le hathbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) an 28 Meitheamh[8].

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach le Parlaimint na hEorpa i mí Iúil 2022, agus rinneadh dul chun cinn suntasach le linn Uachtaránacht na Seicia. Tionóladh ceithre chruinniú thríthaobhacha pholaitiúla agus roinnt mhaith cruinnithe teicniúla ó mhí Iúil 2022. Tá sé d’aidhm ag an Uachtaránacht tuilleadh dul chun cinn suntasach a dhéanamh agus, más féidir, teacht ar chomhaontú idirinstitiúideach cothromaithe sa tréimhse ama atá fágtha, a bheidh le tabhairt i gcrích faoi dheireadh 2022.

[8] 10796/22.

Bhí an chaibidlíocht ag díriú ar shaincheisteanna an-pholaitiúil agus ar shaincheisteanna teicniúla agus casta araon, lena n-áirítear raon feidhme CTA a leathnú chuig an earnáil mhuirí agus CTA nua d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar. Bhí sásraí airgeadais, lena n-áirítear athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gCiste don Nuálaíocht agus ar an gCiste don Nuachóiriú, agus úsáid ioncam na mBallstát, ina bpríomhábhair sa phlé freisin. I bhfianaise líon agus thábhacht na saincheisteanna polaitiúla atá fós gan réiteach chomh maith leis na hidirnaisc thábhachtacha le tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55', go háirithe an Ciste Aeráide Sóisialta, rinneadh na gnéithe uile atá beartaithe a mheas go cúramach le chéile.

Féachann Uachtaránacht na Seicia le toradh cothrom a bhaint amach lena mbainfear amach an uaillmhian aeráide inmhianaithe ar bhealach costéifeachtach, trí rannchuidiú cothrom idir earnálacha a áirithiú, iomaíochas thionscal na hEorpa a chosaint, agus gan aon duine a fhágáil ar lár go sóisialta.

Cé go bhfuil go leor dul chun cinn déanta agus go ndearnadh an chaibidlíocht in atmaisféar cuiditheach, tá tuilleadh oibre agus iarrachtaí fós de dhíth ar mhéid agus ar chastacht an chomhaid sula bhféadfar teacht ar chomhaontú cothrom.

**Colún 1**

Táthar ag leanúint den obair fós ar chur chun feidhme na rialacha maidir le cearta cánachais a leithdháileadh idir dlínsí ('Colún 1') faoi chuimsiú Chreat Cuimsitheach um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis ECFE/G20 ('an Creat Cuimsitheach'). Ina thogra chun leasú a dhéanamh ar ORD, mhol an Coimisiún acmhainn dhílis nua a d'íoc na Ballstáit trí ghlaoráta aonfhoirmeach 15 % a chur i bhfeidhm ar sciar bhrabúis iarmharacha na bhfiontar ilnáisiúnta, a ath-leithdháilfear ar na Ballstáit de réir chomhaontú Cholún 1 nuair a chuirfear chun feidhme é.

Ceann d'aidhmeanna na hoibre sa Chreat Cuimsitheach is ea Coinbhinsiún Iltaobhach (MLC) a fhorbairt, ar cheart é a oscailt ansin lena shíniú ag na páirtithe conarthacha (a bhfuiltear ag súil leis roimh lár-2023). Ach a mbeidh an obair sin tugtha chun críche, agus sin amháin, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh treoir lena dtabharfar éifeacht don chomhaontú i gcomhréir le dlí an Aontais agus ceanglais an mhargaidh aonair.

**An pacáiste acmhainní dílse**

Maidir leis an obair ar an bpacáiste nua tograí a cuireadh i láthair i mí na Nollag 2021, lena n-áirítear an ORD nua-leasaithe, rinneadh obair theicniúil ar an bpacáiste foriomlán ag an am céanna leis an obair earnálach.

Ar bhonn na gceisteanna ó na Ballstáit, thug an Coimisiún freagraí ar cheisteanna teicniúla nithiúla agus chuir sé bileoga teicniúla éagsúla i láthair. Go háirithe, rinne an Mheitheal um Acmhainní Dílse plé mionsonraithe ina ndírítear ar an méid seo a leanas: (i) na toimhdí maicreacnamaíocha, na sonraí bunúsacha agus an mhodheolaíocht a ghlac an Coimisiún ina thograí; (ii) an t-ioncam réamh-mheasta atá measta ón gcóras trádála astaíochtaí féin, agus ó SCCT; agus (iii) feidhmiú an tsásra shealadaigh coigeartaithe dlúthpháirtíochta le haghaidh acmhainn dhílis CTA.

Lean an Mheitheal um Acmhainní Dílse den scrúdú ar na tograí maidir le hacmhainní dílse nua a chur ar fáil (MAR 3) agus maidir le bearta cur chun feidhme le haghaidh an chórais acmhainní dílse (IMSOR), mar a thíolaic an Coimisiún an 14 Márta 2022. Rinneadh plé mionsonraithe ar an leibhéal teicniúil, agus aird ar leith tugtha ag an Meitheal um Acmhainní Dílse, i measc nithe eile, ar ghnéithe éagsúla d’acmhainn dhílis CTA (e.g. ceantáil agus coigeartú lamháltas), acmhainn dhílis SCCT (e.g. íocaíocht bhliantúil, deimhnithe, samhail láraithe), agus acmhainní dílse bunaithe ar bhrabús (e.g. an próiseas cánach foluiteach, bearta rialaithe).

I gcomhthéacs na dtograí sin agus na bpléití gaolmhara, thíolaic Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag an Meitheal um Acmhainní Dílse an 6 Deireadh Fómhair 2022, tuairim Uimh. 03/2022 uaithi maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán a chur ar fáil maidir le trí acmhainn dhílis nua atá beartaithe[9]. D’fhreagair an Chúirt ceisteanna agus fiosruithe ó thoscaireachtaí freisin.

[9] Tuairim Uimh. 03/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil bunaithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí, ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ar bhrabúis ath-leithdháilte, agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh.

**Tograí amach anseo: 2ú ciseán de NOR**

Mar a fhoráiltear i dtreochlár an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, ba cheart don Choimisiún ciseán nua acmhainní dílse a mholadh faoi 2024. Tá sé curtha in iúl ag an gCoimisiún go bhfuil sé ar intinn aige na tograí nua sin a thíolacadh cheana féin le linn an tríú ráithe de 2023.

## III. CONCLÚID

I bhfianaise an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh agus na hoibre a rinneadh go dtí seo idir mí Iúil agus mí na Nollag 2022, maidir leis na tograí earnálacha a d'fhoilsigh an Coimisiún, iarrtar ar na Ballstáit an dul chun cinn a rinneadh le linn Uachtaránacht na Seicia a thabhairt dá n-aire.